



28 Meán Fómhair 2018 – Foilsiú Tuarascála agus Cuntas Bliantúla 2017

Foilsíodh Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2017 an Bhoird Pleanála inniu. Ba é 2017 comóradh 40 bliain an Bhoird Pleanála.

Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála

I 2017, lean an treocht in airde maidir le méid cásanna pleanála a fhuarthas agus a chuireadh de láimh. Ardaíodh méid iomlán na gcásanna a thógadh isteach faoi 19% go 2,570 i gcomparáid le 2,163 i 2016. Ba é 2,143 méid iomlán na gcásanna a rinneadh cinntí orthu i 2017 (2,078 i 2016). Chuaigh an ráta comhlíonta le cuspóirí reachtúla ama i laghad i gcomparáid leis na blianta roimhe ag 67% mar chuaigh méid na gcinntí i laghad chomh maith de réir folúntas ag leibhéal an Bhoird.

Lean an méadú ar aghaidh i méid na gcásanna a tháinig isteach i 2018 agus ag deireadh Lúnasa 2018, bhí líon na gcásanna a chuireadh de láimh ag 1,701 (thuas faoi 10.5% ón am céanna anuraidh). Tá líon na gcásanna a rinneadh cinntí orthu faoi dheireadh Lúnasa 2018 níos airde faoi 25% ón am céanna anuraidh ag 1,701 anois go bhfuil Bord iomlán i bhfeidhm. Tá an ráta comhlíonta le cuspóirí reachtúla ama fós íseal ag 35% do chásanna achomhairc nuair atá an riaráiste a tharla á ghlanadh amach againn. Rinneadh athlíonadh ar bhallraíocht an Bhoird le linn 2017 agus 2018, le deichniúr ar an mBord faoi láthair.

Forbairt Straitéiseach Tithíochta – Bliain ar Aghaidh

Tháinig reachtaíocht i bhfeidhm in Iúil 2017 a chuir i bhfeidhm go gcuirtear iarratais ar fhorbairtí tithíochta de níos mó ná 100 aonad agus cóiríocht mac léinn de níos mó ná 200 spás leapa díreach chuing an mBord Pleanála. Fuair An Bord Pleanála an chéad iarratas ar 21 Meán Fómhair 2017.

Sa chéad sé mhí ina bhfuil an próiseas nua i bhfeidhm, fuarthas 47 iarratas ar chomhairliúchán réamhiarratais. Faoi dheireadh Nollag 2017, bhí 13 iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta faighte ag an mBord Pleanála.

Fuarthas 46 iarratas sa bhreis ar chomhairliúchán réamhiarratais agus 23 iarratas pleanála i 2018 (faoi dheireadh Lúnasa). Críochnaíodh 25 as an 36 iarratas i 2018 agus cuireadh de láimh iad laistigh den tréimhse reachtúil de 16 seachtaine.

Cásanna Fhorbartha Bhonneagair Straitéisigh

Ón am a tháinig forálacha reachtacha d'iarratais díreacha i bhfeidhm i 2007 maidir le forbairtí bhonneagair straitéisigh go dtí deireadh 2017, fuarthas 162 iarratas príobháideach agus ó na húdaráis pleanála san iomlán.

Rinneadh cinntí ar cheithre iarratas príobháideach maidir le forbairt bhonneagair straitéisigh, leis an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann i mBÁC 4, dhá fheirm gaoithe (ceann amháin i gContae Uíbh Fhailí agus ceann eile i gContae na Mí) agus saoráid fuíollábhair ag an gCeapach i mBÁC. Tá iarratais mhóra ar dhramhuisce do réigiún BÁC agus bonneagar aerfoirt san áireamh sna cásanna atá ar láimh faoi láthair.

Criosanna Forbartha Straitéisí

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar áiteanna uirbeacha/tithíochta beartaithe nua ag an bPoll Beag i mBÁC 4 agus ag an gCluain Buiríosa i mBÁC Theas trí scéimeanna cuimsitheacha pleanála do chriosanna forbartha straitéisí. Tá an dá scéim bheartaithe faoi achomharc ag an mBord. Tá leasaithe bheartaithe do scéimeanna do chriosanna forbartha straitéisí i gCathair Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin agus Na Lotaí Thuaidh agus Duga na Canála Móire á meas chomh maith.

Plean Straitéiseach 2018-2023

Chríochnaigh An Bord Pleanála obair ar an bPlean Straitéiseach do 2018 – 2023 le linn 2017, creat treorach don eagraíocht don chéad cúig bhliain eile a neartaíonn an clú atá againn do neamhchlaontacht, ardchaighdeán a mhealladh maidir le cinntí a dhéanamh agus seirbhís don phobal. I ndiaidh do chomhairliúchán poiblí a chur ar siúl, cuireadh an dréachtphlean chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i Mí Iúil 2018, agus foilsíodh le déanaí é agus tá an plean ar fáil ag www.pleanala.ie.

Córais Nua TF

Cuireadh córas nua TF (Plean-IT) i bhfeidhm le linn 2017. Baineadh feidhm as an gcéad céim i Mí Dheireadh Fómhair, a bhfuil réiteach ar bhainistíocht na gcásanna agus ar fhaisnéis geografai san áireamh ann, agus tá na cásanna nua go léir faoi réim na mbogearraí nua. Tá obair ar siúl ar fhorbairt do suíomh idirlíne nua agus ar thairseach chun go nglacfaidh An Bord Pleanála le hachomhairc agus cásanna eile ar líne.

Nótaí do heagarthóirí – príomhphointí:

- Fuarthas 36 iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta idir Iúil 2017 agus Lúnasa 2018. Críochnaíodh 25 iarratas agus iad go léir laistigh den tréimhse reachtúil de 16 seachtaine.
- Tá tógáil isteach na gcásanna suas faoi 19% ón bhliain seo chaite
- Seoladh an Plean Straitéiseach 2018- 2023: Pleanáil don Todhchaí Againn

Is féidir leat Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla An Bhoird Pleanála 2017 a fháil [anseo](#).